C/2023/1521

18.12.2023

Tuarascáil Deiridh an Oifigigh Éisteachta ([1])

Cás M.10663 – Orange/VOO/Brutélé

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1521)

An 22 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra de bhun Airteagal 4 den Rialachán um Chumaisc ([2]) maidir le comhchruinniú atá beartaithe trína bhfaigheadh Orange S.A. ('Orange' nó 'an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige'), tríd a fhochuideachta Bheilgeach faoi rialú aonair, Orange Belgium S.A., de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, rialú aonair ar VOO S.A. ('VOO') agus ar ghníomhaíochtaí teileachumarsáide, meán agus teicneolaíochta ([3]) Société Intercommunale pour la Diffusion de la télevision ('Brutélé') (in éineacht le Orange agus VOO, na 'Páirtithe') ('an tIdirbheart atá beartaithe').

An 28 Iúil 2022, chuir an Coimisiún tús le himeachtaí de bhun Airteagal 6(1)(c) den Rialachán um Chumaisc ('Cinneadh Airteagal 6(1)(c)'). An 22 Lúnasa 2022, chuir an páirtí a thug fógra barúlacha i scríbhinn isteach maidir le Cinneadh Airteagal 6(1)(c).

An 8 Lúnasa 2022, arna iarraidh sin don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, chuir an Coimisiún síneadh 10 lá oibre leis an tréimhse chun cinneadh a ghlacadh de bhun Airteagal 8 den Rialachán um Chumaisc, de bhun Airteagal 10(3), an dara fomhír, an chéad abairt, den rialachán céanna.

An 12, 14, 18 agus 21 Deireadh Fómhair 2022, arna iarraidh don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, chuir an Coimisiún síneadh leis an tréimhse ama chun cinneadh a ghlacadh, de bhun Airteagal 8 den Rialachán um Chumaisc, is é sin 2 lá, 2 lá, 2 lá oibre agus 4 lá oibre faoi seach, de bhun Airteagal 10(3), an dara fomhír, an tríú habairt den rialachán céanna.

An 26 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 11(3) den Rialachán um Chumaisc ('an Cinneadh maidir le hAirteagal 11(3)'), lena gceanglaítear ar an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige faisnéis áirithe a sholáthar i ndáil le comhaontú maidir le rochtain mhórdhíola a d'fhéadfadh a bheith ann le Telenet Group Holding NV (iomaitheoir tríú páirtí), rud atá ábhartha don mheasúnú ar an Idirbheart atá beartaithe ar mhargaí áirithe dá ndéantar difear. De bhun Airteagal 9(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme um Chumaisc ([4]), mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an fhaisnéis sin a iarraidh gan iarraidh shimplí ar fhaisnéis a dhéanamh ar dtús. Le Cinneadh Airteagal 11(3) cuireadh ar fionraí an teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 10(3) den Rialachán um Chumaisc, de bhun Airteagal 10(4) den Rialachán um Chumaisc. An 30 Eanáir 2023, chomhlíon an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an iarraidh ar fhaisnéis a bhí i gCinneadh Airteagal 11(3), lenar cuireadh deireadh le fionraí na teorann ama thuasluaite.

Idir an 11 Deireadh Fómhair 2022 agus an 18 Eanáir 2023, lig mé dhá ghnóthas isteach atá gníomhach i gcuid de na margaí a ndearna an tIdirbheart atá beartaithe difear dóibh, nó atá réamhtheachtach ó na margaí sin, mar thríú daoine leasmhara, de bhun Airteagal 18(4) den Rialachán um Chumaisc.

An 30 Eanáir 2023, chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gealltanais isteach de bhun Airteagal 8(2) den Rialachán um Chumaisc chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir leis an iomaíocht a shainaithin an Coimisiún (na 'Gealltanais'). An 31 Eanáir 2023, sheol an Coimisiún tástáil ar an margadh ar na Gealltanais. Cuireadh na Páirtithe ar an eolas faoi thorthaí na tástála margaidh ar na Gealltanais le linn glao a rinneadh an 10 Feabhra 2023.

Leis an dréachtchinneadh dearbhaítear gur comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus le Comhaontú LEE atá an tIdirbheart atá beartaithe, faoi réir chomhlíonadh iomlán na nGealltanas.

([1]) De bhun Airteagail 16 agus 17 de Chinneadh 2011/695/AE ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an 13 Deireadh Fómhair 2011 maidir le feidhm agus téarmaí tagartha an oifigigh éisteachta in imeachtaí iomaíochta áirithe (IO L 275, 20.10.2011, lch. 29) ('Cinneadh 2011/695/AE').

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1) ('an Rialachán um Chumaisc').

([3]) Mar a shainmhínítear é sa dréachtchinneadh ón gCoimisiún.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (IO L 133, 30.4.2004, lch. 1) ('an Rialachán um Chumaisc').

Ar an iomlán, measaim gur urramaíodh feidhmiú éifeachtach na gceart nós imeachta le linn na n-imeachtaí reatha.

Bhruiséil, 9 Márta 2023.

Eric GIPPINI FOURNIER